



**Plean Treorach**

**Coláiste Íde**

## **Réamhráiteas**

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí Treorach i 2014/2015 chun a chinntiú go bhfuil an cód éifeachtach, cóir agus ag teacht leis an reachtaíocht cuí agus is déanaí.

## **Gaol le Ráiteas Misin & Éiteas na scoile**

Ta dlúthcheangal idir an polasaí seo agus éiteas na scoile mar atá leagtha síos ag Iontaobhaithe Choláiste Íde ‘sa Ráiteas Misin. Cuireann Coláiste Íde timpeallacht foghlamtha sábhálta agus eagraithe ar fáil a chabhraíonn le hoideachas an duine ina iomláine chun meas ar a chéile a chothú i measc baill phobail uile na scoile.

Is é príomh aidhm na scoile ná “forbairt an duine ina iomláine”. Is é an brí atá leis seo ná, forbairt ar gach gné de shaol an duine – sóisialta, spioradálta, cruthaitheach, intleachtúil, aeisteiticiúil, fisiciúil, morálta. Tá sé mar aidhm againn na daltaí a ullmhú chun a n-áit a ghlacadh go fiúntach sa sochaí trí chabhrú leo:-

*Iarrfar ar gach duine idir daltaí agus foireann a bheith dílis do mhanna na scoile*

### ***‘Glaine ár gcroí’***

- Iad féin a fhorbairt go hiomlán ó thaobh anama, coirp, mothúcháin agus intleachta, de réir na mbuanna atá acu.
- Meas a bheith acu ortha féin, ar Dhia agus ar dhaoine eile.
- Meas a bheith acu ar an gcultúr Gaelach – tír, teanga agus traidisiún.
- Luachanna cearta a bheith acu mar threoir dá mbeatha.
- Dúil sa léann a chothú iontu féin.
- ‘Sé polasaí na scoile ná leanúint leis an obair oideachasúil a thosnaigh Siúracha na Trócaire agus an fhís agus an fhealsúnacht a thugadar dúinn a leanúint. Déanfar gach iarracht cloí leis an gcaighdeán, na luachanna agus na h-idéil a bhí acu.
- Ní chuirfear cosc ar éinne cead isteach a fháil de bharr cúlra, clainne nó cumas acadúil ach amháin i gcás éinne a bheadh mar bhagairt ar leas na ndaltaí eile.
- Is meánscoil Chaitliceach lán Ghaelach í Coláiste Íde – ar an ábhar san tá an Chríostaíocht mar bhonn leis an oiliúint a thugtar. Gnáth chuid den gclár is ea paidreoireacht, cúrsaí spioradálta, an t-Aifreann agus na sacraimintí.

- Is scoil lán Ghaelach í an scoil seo. Tabharfar tús áite don Ghaeilge agus don gcultúr Ghaelach i ngach gné de shaol na scoile laistigh agus lasmuigh don seomra ranga. Comhlíonfar chomh fada agus is féidir Alt 9(b) den Acht Oideachais 1998.
- Déanfar gach iarracht spiorad an chomhoibriú, an díograis, an féin smacht agus dearcadh dearfach a fhorbairt maidir le saothar na ndaltaí agus cuirfear béim ar fhiúntas na hoibre.
- Sé an aidhm atá againn ná freastal ar riachtanaisí na ndaltaí uile faoin ár gcúram.

## **Réasúnacht**

Dé réir roinn 9 (c), An Acht Oideachais (1998) tá dualgas ar scoileanna “Cinntiú go bhfuil teacht ag na scoláirí ar a dhóthain treoir chun cabhrú leo slite bheatha a roghnú”.

Tá an soláthar treoir mar reacht dlíthiúil faoin Acht seo.

# Plean Treorach Bhliain 1

## Aidhmeanna

- Chun am & tacaíocht a thabhairt do bhliain 1 chun déileáil leis an aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil
- Chun cabhrú le daltaí a gcuid mbuanna & éachtaí a aithint
- Slite chun déileáil le strus, slite chun fadhbanna pearsanta & scileanna sóisialta a fhorbairt, chun ullmhú do riachtanaisí an déagóra & an ógánaigh
- Chun scileanna a mhúineadh ar conas tabhairt fé staidéar & scrúdaithe
- Scileanna bainistiú ama don scoil, do chaitheamh aimsire
- Scileanna idir-phearsanta a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar riachtanaisí dhaoine eile
- Chun a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh i slí éifeachtach
- Eolas soiléir a thabhairt do dhalta ar roghnú ábhair ag deireadh na bliana

## Clár Treorach Bliain 1

Cad tá i gceist?	Cathain?	Cé bheidh páirteach?	Acmhainní
<p>Clár Ionduchtú</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Anam cara do gach dalta</li> <li>• Breis tacaíochta leis an nGaeilge</li> <li>• Scileanna eagraithe</li> <li>• Scileanna staidéir</li> <li>• Múinteoir Treorach ag bualadh le gach dalta ina haonar nó mar ghrúpa</li> <li>• Foireann Ionduchtaithe ag bualadh leo go rialta</li> <li>• Clár trí seachtaine eagraithe</li> <li>• Cód Iompair</li> </ul>	Téarma 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Leas Phríomhoide</li> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Anam Cairde</li> <li>• Ceannairí</li> <li>• Feitheoirí</li> <li>• Cúntóir Teanga</li> <li>• Comhairleoir an tí</li> <li>• Aoi Chainteoirí</li> </ul>	<p>Leabhrán eolais as Gaeilge</p> <p>Dialann Scoile</p> <p>Plean Staidéir</p> <p>Plean Ranga</p>
Measúnú	Téarma 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Múinteoir Ábhair</li> </ul>	Teisteanna Feabhais
<p>Dul i gcomhairle le ..</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach nó Príomhoide ag moladh go rachadh dalta go saineolaí seachtrach</li> <li>• Múinteoirí Ábhar, Múinteoir Treorach, Príomhoide, Bord Bainistíochta ag moladh go rachadh dalta go saineolaí seachtrach</li> </ul>	Leanúnach ag braith ar riachtanais	<p>Saineolaithe Seachtracha NEPS</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• SNSO</li> <li>• Príomhoide</li> <li>• Leas Phríomhoide</li> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Múinteoirí Ábhar /Ranga</li> </ul>	
Scileanna Idir-Phearsanta –tuiscint ar riachtanaisí dhaoine eile	Leanúnach Céad téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS &amp; Teagasc Creidimh</li> <li>• Feitheoirí</li> </ul>	
Scileanna Staidéir Éisteacht éifeachtach	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Ábhair</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Dialann Scoile
Eolas ar Thromaíocht	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Gairm Threorach</li> <li>• Comhairleoir an tí</li> <li>• Múinteoirí Ranga</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	<p>Polasaí an Choláiste</p> <p>Spotseiceanna</p> <p>Ceistneoirí</p> <p>Agallaimh</p> <p>Seachtain</p> <p>Frith Thromaíochta</p>

## Plean Treorach Bhliain 2

### Aidhmeanna

- Chun cabhrú le daltaí a gcuid mbuanna & éachtaí a aithint Slite chun déileáil le strus, slite chun fadhbanna pearsanta & scileanna sóisialta a fhorbairt, chun ullmhú do riachtanaisí an déagóra & an ógánaigh
- Chun scileanna a mhúineadh ar conas tabhairt fé staidéar & scrúdaithe
- Scileanna bainistiú ama don scoil, do chaitheamh aimsire
- Scileanna idir-phearsanta a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar riachtanaisí dhaoine eile
- Chun a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh i slí éifeachtach

### Clár Treorach Bliain 2

Cad tá i gceist?	Cathain?	Cé bheidh páirteach?	Acmhainní
Scileanna chun deileáil le rudaí agus neamhspleáchas a bhaint amach Féin Mhuinín Meas ar an éagsúlacht Aigne Folláine	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc</li> <li>• Creidimh,</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Comhairleoir</li> </ul>	<i>Seachtaine Folláine</i>
Scileanna ar conas cinneadh a dhéanamh Roghanna id' saol	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> </ul>	Rang OSPS
Scileanna Idir-Phearsanta –tuiscint ar riachtanaisi dhaoine eile	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc</li> <li>• Creidimh</li> <li>• Múinteoirí Ranga</li> <li>• Feitheoirí</li> </ul>	
Eolas ar dhrugaí & mí úsáid alcóil	Bliain 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc</li> <li>• Creidimh</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Scileanna Staidéir	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Ábhair</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Dialann oibre
Comhairleoireacht duine ar dhuine	Ag braith ar ghá	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Comhairleoir Tí</li> </ul>	
Eolas ar thromaíocht	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Comhairleoir an tí</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste Spot seiceanna Agallaimh Seachtain <i>Frith Thromaíochta</i>
Eolas ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasach (O.C.G.) Forbairt mothúcháin, forbairt fisiciúil agus forbairt sóisialta		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste

# Plean Treorach Bhliain 3

## Aidhmeanna

- Chun cabhrú le daltaí a gcuid mbuanna & éachtaí a aithint
- Slite chun déileáil le strus, slite chun fadhbanna pearsanta & scileanna sóisialta a fhorbairt, chun ullmhú do riachtanaisí an déagóra & an ógánaigh
- Chun scileanna a mhúineadh ar conas tabhairt fé staidéar & scrúdaithe
- Scileanna bainistiú ama don scoil, do chaitheamh aimsire
- Scileanna idir-phearsanta a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar riachtanaisí dhaoine eile
- Chun a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh i slí éifeachtach

## Clár Treorach Bliain 3

Cad tá i gceist?	Cathain?	Cé bheidh páirteach?	Acmhainní
Scileanna chun déileáil le strus, fadhbanna pearsanta & sóisialta Comhoibriú Aigne Folláin Bainistiú pearsanta	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Comhairleoir</li> <li>• Múinteoir Yoga</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> <li>• Cúrsa Spioradálta</li> </ul>	Rang Treoir
Scileanna ar conas cinneadh a dhéanamh	Téarma 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Rang OSPS
Scileanna Idir-Phearsanta –tuiscint ar riachtanaisí dhaoine eile	Téarma 1,2,3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Feitheoirí</li> </ul>	
Eolas ar Dhrugaí agus Alcóil Freagrachtaí	Céad téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Scileanna Staidéir	Téarma 1, 2,& 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Ábhair</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Dialann oibre
Comhairleoireacht duine ar dhuine	Ag braith ar ghá	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Comhairleoir Tí</li> </ul>	
Eolas ar thromaíocht	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Múinteoirí Ranga</li> <li>• Comhairleoir an Tí</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste Spot seiceanna Agallaimh Seachtain <i>Frith Thromaíochta</i>
Eolas ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasach (O.C.G.)		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir OSPS</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Measúnú DATS	Téarma 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Teisteanna DATS
Liosta do rudaí gur suim leis an daltaí (Interest Inventory)	Téarma 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Eolaire ar Ghairmeacha Beatha
Roghnú Ábhair	Téarma 2 & 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treorach</li> <li>• Múinteoir Ábhair</li> <li>• Príomhoide</li> </ul>	Aoi Chainteoirí Eolas ar an Idirlíon Eolas & cur i láthair dos na Tuismitheoirí

# Plean Treorach Bhliain 5

## Aidhmeanna

- Chun cabhrú le daltaí a gcuid mbuanna agus a gcuid tallainne a aithint
- Slite chun déileáil le strus, le fadhbanna pearsanta & scileanna sóisialta a fhorbairt, chun ullmhú do raichtanaisí an déagóra & duine fásta
- Bheith ábalta scileanna scrúdaithe & staidéir a aithint & a fhorbairt
- Scileanna bainistiú ama riachtanach don scoil, fostaíocht agus caitheamh aimsire
- Scileanna idir-phearsanta a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar riachtanaisí dhaoine eile
- Seans a thabhairt do dhaltaí eolas cuimsitheach a fháil ar na rudaí go gcuireann siad suim iontu agus a bheith ábalta iad a nascadh le gairmeacha beatha cuí
- Scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar ghairmeacha beatha éagsúla
- Scileanna taighde a fhorbairt
- Scileanna ríomhaireachta a fhorbairt
- Go bhfoghlaimeoidís modh chun cinneadh maith a dhéanamh agus rogha maith dá réir

## Clár Treorach Bliain 5

<b>Cad atá i gceist?</b>	<b>Cathain?</b>	<b>Cé bheidh páirteach?</b>	<b>Acmhainní</b>
Oideachas Caidrimh & Gnéasach Eolas ag daltaí ar ghalar SEIF		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aoi chainteoir</li> <li>• Saineolaí ar an ábhar</li> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Eolas riachtanach ar mhí úsáid Drugaí/ Alcóil		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aoi Chainteoir</li> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Forbairt Pearsanta & Sóisialta		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúrsa Béasaíochta</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> <li>• Gach Ball Foirne</li> </ul>	
Straitéisí chun déileáil le strus, fadhbanna pearsanta & sóisialta	Gach téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Comhairleoir an Tí</li> <li>• Cúrsa Spioradálta</li> </ul>	Rang Treorach
Liosta do rudaí gur suim leis na daltaí ( <i>Scrúduithe pearsantacht agus suime</i> )	Téarma 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Eolaire ar Ghairmeacha Beatha(Reach)
Scileanna Idirphearsanta eolas ar riachtanaisí dhaoine eile	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Teagasc Creidimh</li> <li>• Múinteoir Ranga</li> <li>• Feitheoirí</li> </ul>	Rang Treoir
Fiosrú ghairmeacha beatha/ Tionscnamh Ranga	Téarma 1 & 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Idirlíon Eolaire ar Ghairmeacha Beatha Físteipeanna
Imeachtaí 3ú leibhéal agus iar- bhunoideachais	Téarma 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cumann mhúinteoirí Ghairm Threorach Chiarraí</li> </ul>	Gach coláiste & institiúid 3ú leibhéal agus cúrsaí iar-bhunoideachais
Cainteanna ar ghairmeacha beatha	Gach téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ollscoil Chorcaí,</li> <li>• Institiúid Oideachais Thráilí,</li> <li>• Ollscoil na Gaillimhe,</li> <li>• Ollscoil Chathair Bhleá Cliath</li> </ul>	Aoi Chainteoirí
Scileanna staidéir	Gach téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Dialann oibre
Eolas ar thromaíocht	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Príomhoide</li> <li>• Múinteoir Treoir</li> <li>•</li> <li>• Comhairleoir an tí</li> <li>• Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí <i>Fríth Thromaíochta</i> Spot seiceanna Agallaimh Seachtain <i>Fríth Thromaíochta</i>
Eolas ar UCAS		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoir Treoir</li> </ul>	Rang Treoir



## **Plean Treorach Bhliain 6**

### **Aidhmeanna**

- Chun cabhrú le daltaí a gcuid mbuanna agus a gcuid tallainne a aithint
- Slite chun déileáil le strus, le fadhbanna pearsanta & scileanna sóisialta a fhorbairt, chun ullmhú do raichtanaisí an déagóra & duine fásta
- Bheith ábalta scileanna scrúdaithe & staidéir a aithint & a fhorbairt
- Scileanna bainistiú ama riachtanach don scoil, fostaíocht agus caitheamh aimsire
- Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí aistriú ó mheánscoil go coláiste 3ú leibhéal nó go fostaíocht
- Scileanna taighde a fhorbairt mar aon le scileanna ríomhaireachta chun go mbeidís neamhspleách agus iad ag fiosrú a roghanna
- Scileanna chun postanna a fháil agus a choimeád a aithint

## Clár Treorach Bliain 6

<b>Cad atá i gceist?</b>	<b>Cathain?</b>	<b>Cé bheidh páirteach?</b>	<b>Acmhainní</b>
Scileanna chun déileáil le strus & é a bhainistiú	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Cúrsa Spioradálta</li> <li>Múinteoir Yoga</li> <li>Comhairleoir an Tí</li> </ul>	Rang sa tseachtain <i>Seachtain Folláine</i>
Eolas ar mhí úsáid Drugaí/ Alcóil		<ul style="list-style-type: none"> <li>Aoi Chainteoir</li> <li>Múinteoir T.C.</li> </ul>	Polasaí an Choláiste
Forbairt Pearsanta & Sóisialta	Go leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>Gach Ball Foirne</li> </ul>	
Laethanta Oscailte	Téarma 1	Institiúid Oideachais Luimnigh: <ul style="list-style-type: none"> <li>Ollscoil Luimní</li> <li>Coláiste Mhuire Gan Smál</li> <li>Coláiste Ealaíne &amp; Dearadh</li> </ul>	
Imeachtaí 3ú leibhéal agus iar-bhunoideachais	Téarma 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>Taispeánta Cumann Mhúinteoirí Gairm threorach Chiarraí</li> <li>Turas go taispeántas “Higher Options” ‘san RDS</li> </ul>	Gach coláiste
Cainteanna ar Ghairmeacha Beatha	Gach téarma	<ul style="list-style-type: none"> <li>Aoi chainteoirí ó choláistí éagsúla</li> </ul>	Aoi Chainteoirí
<ul style="list-style-type: none"> <li>CAO an córas chun cúrsaí a roghnú</li> <li>UCAS an córas chun cúrsaí a roghnú</li> <li>Roghanna eile seachas CAO agus UCAS (Cúrsaí Iar-bhunoideachais 7rl)</li> <li>Clár aistriú ó iarbhunscoil go coláiste</li> <li>“Deontas” 3ú leibhéal</li> </ul>	Téarma 1  Téarma 2  Téarma 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> </ul>	Ranganna Gairm threorach
Seisiúin comhairleoireachta duine ar dhuine	Nuair is gá	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Comhairleoir an Tí</li> </ul>	
Seisiúin fé ghairmeacha beatha duine ar dhuine	Téarma 1 (de réir riachtanais)	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> </ul>	
Eolas ar Curriculum Vitae	Téarma 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Príomhoide</li> </ul>	Rang Treorach
Agallaimh bréige	Téarma 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Príomhoide</li> </ul>	Tuismitheoirí Daoine Gnó an cheantair
Scileanna Staidéir		<ul style="list-style-type: none"> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Aoi Chainteoir</li> </ul>	Rang Treorach Idirlíon (Skool. ie)
Eolas ar Thromaíocht	Leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> <li>Príomhoide</li> <li>Múinteoir Treoir</li> <li>Múinteoirí Ranga</li> <li>Aoi Chainteoir</li> </ul>	Polasaí an Choláiste Spot seiceanna Agallaimh Seachtain <i>Frith -Thromaíochta</i>

## **Cuntas a choimeád**

Caithfear cuntas cruinn pearsanta a choimeád faoi na cruinnithe comhairleoireachta agus cruinnithe/agallamh treoracha go léir

- Caithfear na cuntais go léir a chóimeád ar feadh seacht mbliana
- Caithfear foclóir na scoláirí a úsáid sa chuntas
- Caithfear na nóta a scríobh suas chomh luath agus is féidir
- Caithfear na nótaí a choimeád chomh beacht agus is féidir
- Caithfear tús áite a thabhairt do rúndacht i gcónaí i gcás nochtadh
- Caithfear an mód rúndacht a phlé leis an scoláire chomh maith

## **Nasc le Polasaithe eile**

Tá dlúth nasc ag an bpolasaí seo leis na polasaithe seo a leanas

Tread Chúram

Polasaí Tinrimh

Polasaí Frith Thromaíochta

Cód Iompair

Polasaí Oideachas Speisialta

Polasaí O.S.P.S.

## **Ról agus Freagracht**

### **An Fhoireann Scoile**

Aithníonn an scoil ról na múinteoirí agus an fhoireann uile i bhforbairt agus caomhnú an pholasaí.

### **Bord Bainistíochta**

Is é an Bord Bainistíochta a dhéanann bainistiú thar cheann na scoile. Déantar forbairt ar gach polasaí faoi údarás an hoird agus is le húdarás an Bhoird a chuirtear gach polasaí I bhfeidhm

## **Dearbhú agus Athbhreithniú**

Déanadh an polasaí seo a dhearbhu ag cruinniú Boird ar an 16 Aibreán 2105. Déanfar athbhreithniú air gach dara bhliain.